



Ciorclán 0052/2014

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna

**Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016
(Comhaontú Bhóthar Haddington)**

Múinteoirí

Athbhreithniú ar Úsáid Uaireanta Pháirc an Chrócaigh – Leasú ar Chiorclán 0008/2011

Réamhrá

1. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington), aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar úsáid na n-uaireanta breise a chuireann múinteoirí ar fáil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, lena mbeadh baint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ceardchumann mhúinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta scoileanna. Is é cuspóir an Chiorcláin seo toradh an athbhreithnithe sin a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta agus do mhúinteoirí.

Leasú ar Chiorclán 0008/2011

2. Ag eascairt ón athbhreithniú, cuirtear an téacs seo a leanas alt 6 de Chiorclán 0008/2011:

“Ag féachaint don chroíchuspóir atá taobh thiar d’am breise a sholáthar mar a leagtar amach in alt 2 thuas, cuirfear tréimhse ama suas le 5 huairé an chloig agus nach mó ná sin, ar fáil i gcomhair obair forbartha agus pleanála ar bhonn eile seachas ar bhonn na scoile uile agus de réir mar a cheadóidh an bhainistíocht.

Beidh úsáid an chúig huairé an chloig sin faoi réir fíoraithe agus cuntasacht ar thaobh na bainistíochta.

Ní bheidh feidhm ag alt 5(a) de Chiorclán 0008/2011 maidir le seachadadh na n-uaireanta sin, ach amháin más éigean iad a sheachadadh lasmuigh de na huairéanta a chuirtear ar amchlár mhúinteoirí do theagmháil ranga/dalta agus do mhaoirsiú/ionadaíocht agus i dtréimhsí nach maireann níos lú ná 30 nóiméad.

Bainistíocht na scoile a chinnfidh an creat ama chun an ghné seo a thabhairt chun críche.”

3. Cuirfear an leasú seo ar Chiorclán 0008/2011 i bhfeidhm le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2014/15.
4. Tá an téacs leasaithe iomlán den chuid den chiorclán 0008/2011 ina bpléitear am breise ag gabháil leis seo in Aguisín 1, mar thagairt.

Dáileadh agus Ceisteanna

5. Déan cinnte, le do thoil, go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go gcuirfear an t-ábhar ann in iúl do gach múinteoir atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.
6. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi <http://www.education.ie>.
7. Ba chóir ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig: hraqueries@education.gov.ie.

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtraí
Meitheamh 2014

Aguisín 1- Téacs leasaithe maidir le ham breise as Ciorclán 0008/2011

Am Breise

1. Tugtar uair a chloig amháin breise sa tseachtain san Chomhaontas.
2. Dúnann scoileanna go luath nó ar feadh lae nó, ar feadh leath laethanta, i láthair na huaire, chun éascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí mar phleanáil scoile, cruinnithe foirne, foráil náisiúnta in-seirbhíse &rl. Is í an bhun-chúis leis an am breise seo a chur ar fáil ná go mbeadh na gníomhaíochta riachtanacha seo ann gan laghdú a dhéanamh ar theagmháil ranga/am teagaisc.
3. Ina theannta san, bíonn ócáidí ann go mbíonn maoirseacht ó scoileanna díreach tar éis nó, ina dhiaidh oscailt/dúnadh na scoile agus d'fhéadfaí an t-am breise seo d'úsáid, chomh maith, chun é seo a sholáthar pé áit is gá leis agus ar feadh tréimhsí laethúla níos lú ná iad san in alt 5.
4. Soláthraíonn an t-am breise 36 uaireanta cloig breise do chúrsa scoil-bhlíana na mbunscoileanna. Táthar ag súil, gan baint le forálacha ailt 5 agus 6 thíos, go mbeidh comhairliú ar siúl ag leibhéal na scoile faoin úsáid is fearr den dtréimhse uaireanta cloig seo i dtreo is go sásaítear riachtanais na scoile agus deireadh a chur, ar scála mór, le creimeadh ama teagmhála leis an rang.
5. D'fhéadfadh na huairéanta cloig i gceist a bheith úsáidte ag scoileanna i slí atá leagtha amach ag (a) nó (b) thíos nó trí mheascán des na forálacha in (a) agus (b).
 - (a) Agus aird á thabhairt ar alt 3 agus 4 thuas, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile úsáid na 36 uaire chloig a chomharthú i mbloic de 1, 2 nó 3 uaireanta cloig. D'fhéadfaidís seo a bheith sceidealta le linn chúrsa na scoil bhliana de 183 lá agus ba chóir an tréimhse ama a bheith sceidealta lasmuigh de ghnáth uaireanta cloig na scoile.
 - (b) Sa chás go bhfuil comhaontú i measc foireann na scoile é seo a dhéanamh, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile úsáid a bhaint as cuid des na huairéanta cloig i gceist a bheith curtha le chéile mar laethanta iomlána, faoi réir go mbeadh aon chur le chéile teoranta lena chothromaíocht de dhá lá ar a mhéid lasmuigh den 183 lá go bhfuil an scoil ar oscailt le haghaidh teagaisc. Beidh an t-uasmhéid atá infheidhmithe anseo faoi réir athbhreithnithe san bhliain scoile 2012/2013 ag braith ar conas mar ar éirigh leis.
6. Ag tabhairt aird ar alt 4 thuas, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile an 36 uaire cloig a chomharthú chun am breise a sholáthar chun déileáil le roinnt des na gnéithe seo a leanas.
 - pleanáil scoile
 - forbairt phroifisiúnta leanúnach
 - ionduchtú
 - maoirseacht roimh agus ina dhiaidh na scoile
 - forbairt pholasaí

- cruinnithe foirne
- in-seirbhís náisiúnta pleanáilte
- in-seirbhís eagraithe ag an scoil

Ag féachaint don chroíchuspóir atá taobh thiar d'am breise a sholáthar mar a leagtar amach in alt 2 thuas, cuirfear tréimhse ama suas le 5 huairé an chloig agus nach mó ná sin, ar fáil i gcomhair obair forbartha agus pleanála ar bhonn eile seachas ar bhonn na scoile uile agus de réir mar a cheadóidh an bhainistíocht.

Beidh úsáid an chúig huairé an chloig sin faoi réir fíoraithe agus cuntasacht ar thaobh na bainistíochta.

Ní bheidh feidhm ag alt 5(a) de Chiorclán 0008/2011 maidir le seachadadh na n-uairéanta sin, ach amháin más éigean iad a sheachadadh lasmuigh de na huairéanta a chuirtear ar amchlár mhúinteoirí do theagmháil ranga/dalta agus do mhaoirsiú/ionadaíocht agus i dtréimhsí nach maireann níos lú ná 30 nóiméad.

Bainistíocht na scoile a chinnefidh an creat ama chun an ghné seo a thabhairt chun críche.

7. Tá an 36 uairé cloig breise scartha ós na heagraithe reatha maidir le cruinnithe tuismitheora/múinteora agus cruinnithe foirne. I gcás chruinnithe foirne, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile úsáid a bhaint as roinnt des na huairéanta cloig breise chun deireadh a chur leis an ngné 'leath istigh' des na cruinnithe seo.
8. Ba chóir go ndéanfadh scoileanna taifead ar úsáid iomlán na n-uairéanta cloig breise chun é seo a phoibliú i ngnáth cumarsáid scoile le tuismitheoirí.